

# Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030

Comhairliúchán Poiblí Réamhdhréachta.  
**Páipéar fá Cheisteanna agus Roghanna**



Aibreán 2022

*Plean  
s'agatsa*

*Na  
Príomhfhadhbanna*

*Na  
Príomhcheisteanna*

# Réamhrá #1

## Cad í aidhm an doiciméid seo?

Leagann an páipéar seo amach na príomhfhadhbanna forbartha roimh Dhún na nGall i réimse topaicí difriúla agus cuirtear an phríomhcheist phoiblí fá na fadhbanna seo chun eolas a thabhairt d'ullmhúchán Phlean Forbartha nua Chontae Dhún na nGall 2024-2030

## Cad é Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall?

Leagfaidh an plean forbartha amach straitéis fhoriomlán do phleanáil iomchuí agus forbairt inbhuanaithe de Dhún na nGall ó 2024-2030. Beidh cuspóirí forbartha, beartais agus áiteanna zónála san áireamh ann.

Go sonrath, beidh an méid seo san áireamh:

- Pleananna Ceantair Áitiúil (le beartais agus áiteanna zónála mionsonraithe) le haghaidh Bun Cranncha agus Bun Dobhráin.
- Creatphlean Lonnaíochta do Bhealach Féich/Srath an Urláir a phléann go heisiach le deiseanna forbartha geilleagracha a thagann as an Tionscadal Feabhsúcháin fá Bhealach Tosaíochta TEN-T Dhún na nGall.

## Cén fáth a bhfuil Plean Forbartha de dhíth?

Cabhróidh an plean le cinntí pleanála agus infheistíochta a threorú fá:

- Cineál agus suíomh na tithíochta nua (e.g. Tuathuirbeach)
- Nádúr agus suíomh na Forbartha geilleagraí nua.
- An dóigh a maolaímid na himpleachtaí agus dul i dtaithe ar athrú aeráide.
- Na riachtanais a bhaineann le hinfreastruchtúr iompair straitéiseach nua (e.g. bóithre, siúlóidí agus rothaíocht).
- An dóigh a láimhseálaimid ár n-oidhreacht nádúrtha agus tógtha (e.g. An Tírdhreach, foirgnimh fá chosaint).
- An dóigh a ndéanaimid fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt (e.g. Gaoth, gréine).
- An dóigh a mbainistímid riosca i gcás tuilte sa chontae.
- An dóigh a bhforbraímid ár gcumas turasóireachta.
- An dóigh a bhforbraímid ár n-acmhainn mhara agus a bhainistímid ár limistéir ar an chósta.
- An dóigh a dtacaímid le forbairt an Phobail.

# Réamhrá #2

## Conas/Cén uair a dhéantar an Plean?

- Déantar an plean i 3 chéim thar thréimhse 2 bhliain (uasmhéid) eadhon:
  - Céim 1: Ullmhúchán Réamhdhréachta
  - Céim 2: Dréachtphlean
  - Céim 3: Mionathruithe ar an dréachtphlean.
- Tá na céimeanna seo a leanas i ngach céim dá réir sin:
  - Comhairliúchán poiblí.
  - Tuairisc chuig comhairleoirí ar an chomhairliúchán.
  - An breithniúchán/glacadh leis an dréachtphlean, athruithe ar an dréachtphlean, nó ar an phlean dheireanach ag Comhairleoirí.

## Cé a dhéanann an plean?

Cruthaíonn na Comhaltaí Tofa (Comhairleoirí) an plean forbartha le tacaíocht ó Rannóg Pleanála na Comhairle i ndiaidh dul i gcomhairle leis an phobal agus le comhlachtaí eile.

## Réamhdhréacht fá Chomhairliúchán Poiblí Dé hAoine, an 8 Aibreáin go Dé hAoine, an 3 Meitheamh




Scríobh aighneacht i scríbhinn fá:

- **Ríomhphost:** [donegaldevplan@donegalcoco.ie](mailto:donegaldevplan@donegalcoco.ie)
- **Ar líne:** ag [www.donegaldevplan.ie](http://www.donegaldevplan.ie)
- **Sa Phost:** Athbhreithniú CDP, Aonad um Pleanáil Lárnach, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 Y622



# Cad a thugann eolas don Phlean Forbartha?



## Reachtaíocht, Beartas Rialtais, Treoirlínte, Fadhbanna Áitiúla agus Measúnachtaí Timpeallachta

Faigheann an plean treoir agus eolas ó, agus de réir mar is cuí ní mór dó cloí le, mar shampla:

- Reachtaíocht an AE agus Reachtaíocht Náisiúnta (e.g., an tAcht Pleanála, an Treoir maidir le Gnáthóga, an tAcht Aeráide 2021, an Chreat-treoir Uisce)
- Beartas Rialtais (e.g., Fuinneamh In-athnuaite, Tús Áite do Lár an Bhaile)
- Creatáí Náisiúnta agus Réigiúnacha Pleanála (e.g., an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Geilleagrach).
- Treoirlínte Pleanála (e.g. ar bhainistíocht i gcás tuilte, Forbairt Miondíola, tithíocht iargúlta & fuinneamh gaoithe).
- Fadhbanna áitiúla agus tuairimí an phobail.
- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí, agus Measúnacht Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte.

## Na Príomhriachtanais, Na hAidhmeanna agus na Prionsabail don Plean

Leagann an reachtaíocht, na treoirlínte agus na creatáí thuas amach réimse leathan de riachtanais agus de chuspóirí a thugann treoir don phlean, mar shampla:

- Fás dlúth inár mbailte agus inár sráidbhailte.
- Soghluaisteacht inbhuanaithe (e.g. siúlóidí, rothaíocht agus iompar poiblí).
- Rochtain réigiúnach ar an Iarthuaisceart.
- Forbairt a sheachaint in áiteanna a bhfuil riosca ann i gcás tuilte.
- Cur chuige maidir le Tús Áite do Lár an Bhaile fá athghiniúint uirbeach.
- Forbairt miondíola nua a dhíriú i lár ár mbailte ar an chéad dul síos.
- Ár dtimpeallacht, ár dtírdhreach agus ár n-oidhreacht thógtha a chosaint.
- Spriocanna náisiúnta ar fhuinneamh in-athnuaite agus athrú aeráide.


# Tithíocht




## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Ardleibhéil d'aonaid chónaitheacha fágtha i mbailte agus i sráidbhailte ar leith (e.g. Leitir Ceanainn 366, Bun Dobhráin 246, Bealach Féich/Srath an Urláir 203).
- Costas níos airde de thógáil a bhaineann le costas ábhair, saothar agus talamh le bac ar éileamh agus an inmharthanacht d'ilfhorbairtí cónaitheacha.
- Ganntanas soláthar tithíochta ag dul i dtreo fadhbanna inacmhainneachta do cheannaitheoirí agus do chíosaithe araon a chuireann cosc ar rogha tithíochta.
- **Ceadanna Pleanála:** Le linn an phlean reatha (Meitheamh 2018 go 2022) ceadáíodh líon suntasach áitreabh i gceantair thuaithe i gcomparáid le ceantair uirbeacha.
- Ba é an líon is mó d'áitribh thuaithe a ceadáíodh sa chineál ceantar tuaithe Ceantar Tuaithe Níos Láidre.

Ceadanna tithíochta deonaithe ó Mí an Mheithimh 2018 go dtí an t-am i láthair Uirbeach V Tuath



ÁITREABH CEADAITHÉ I GCEANTAIR THUAITHE AR LEITH MEITHEAMH 2018-2022




# Tithíocht




## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

### Críochnuithe Tithíochta (Sonraí fá chríochnuithe BSL)

- Críochnaíodh 1909 áitreabh i nDún na nGall idir na blianta 2018-2021.
- Mogaill shuntasacha de chríochnuithe gar do cheantair uirbeacha agus gar don chósta.
- Cuireadh crích ar chéatadán suntasach d'áitreabh i gceantair thuaithe (59%) i gcomparáid le ceantair uirbeacha (41%).
- Bhí titim shuntasach i gcríochnuithe tithíochta (maidir le riachtanais aonad tithíochta straitéiseach i gCroílár Forbartha) i Leitir Ceanainn agus i mbailte Straitéiseacha.




### Críochnú Tithíochta 2018-2021 sna Trí Leibhéal de Straitéis Lonnaíochta an Chontae



■ Leibhéal 1 Leitir Ceanainn   ■ Leibhéal 2 Bailte Straitéiseacha  
■ Leibhéal 3 Bailte Thuaithe   ■ Leibhéal 4 Faoin Tuath

### Feidhmíocht Croístraitéise: Críochnuithe Tithíochta 2018 -2021 V Riachtanais Croístraitéise 2018 -2021




# Tithíocht



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Easpa soláthar tithíochta nua ar an iomlán go háirithe i gceantair uirbeacha le deich mbliana anuas.
- Tithíocht Shóisialta: Sháraigh Dún na nGall Spriocanna Tithíocht Shóisialta *Ag Atógáil Éireann do 2018-2021*. Fanann liosta feithimh suntasach do Thithíocht Shóisialta i gcónaí áfach.



- Impleachtaí suntasacha ar stoc tithíochta mar gheall ar éigeandáil na mbloc lochtach (Míoca) agus éileamh dá réir ar lóistín malartach breise d'úinéirí agus d'áititheoirí atá buailte leis.

## Príomhcheisteanna?


- Cá háit ar chóir tithíocht nua a lonnú (e.g. Leitir Ceanainn, ionaid mhóra uirbeacha, bailte níos lú de shráidbhailte, ceantair thuaithe etc.)
- Cén dóigh a rachaidh an plean nua i ngleic le ganntanas soláthar tithíochta nua sna príomhbhailte straitéiseacha?
- Cén dóigh a ndíreoidh an plean nua ar rátaí áiteanna fágtha cónaitheacha i mbailte ar leith?
- Cén chineál tithíochta atá ag teastáil (sóisialta, ar phraghas réasúnta, cíós costais, príobháideach).
- Cén chineál aonad tithíochta atá ag teastáil (e.g. Scoite, leathscoite, árasán etc).
- Ar chóir don chomhairle suíomhanna seirbhísithe a chur ar fáil do dhaoine chun a gcuid tithe féin a thógáil i mbailte agus i sráidbhailte níos lú?
- Cén sainsholáthar tithíochta atá de dhíth (e.g. Scothaosta, daoine den lucht siúil etc?)

# Forbairt Gheilleagrach



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Riachtanas cur le nascacht réigiúnach agus díriú ar na príomheaspaí infreastruchtúir (e.g. bóthar straitéiseach, leathanbhanda, aer, agus fuíolluisce).
- Tionchar an Bheathimeachta ar Dhún na nGall lena n-áirítear ar an earnáil lascaireachta/Bia Mara agus pobail chósta a bhaineann leo.
- Leibhéal ard d'aonaid thráchtála fágtha folamh i gceantair uirbeacha móra agus beaga araon (e.g. Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich/Srath an Urláir, Na Gleannta etc).
- Easpa geilleagar beo sna bailte agus sna sráidbhailte beaga.
- Gá le spás lóistín Grád A Oifige/Gnó i lár na mbailte (e.g. deiseanna tuirlingt bhog).
- Gá le tionscnaimh talaimh seirbhísithe straitéiseacha chun forbairt Gheilleagrach a áisiú go háirithe in áiteanna gar don teorainn.
- Gá le suíomhanna a aithint do theicneolaíochtaí bithfhuinnimh chun dícharbónú a áisiú.
- Gá le caipitliú ar chumas Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt chun infheistíocht isteach a mhealladh.
- Deiseanna nua ag éirí as an earnáil fuinneamh in-athnuaite eischósta (e.g. Cuan na gCealla Beaga).



## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh a mbeidh an plean in ann díriú ar phríomheaspaí infreastruchtúir?
- Cén dóigh a mbeidh an plean in ann freagairt do dhúshlán geilleagrach an Bhreathimeachta?
- Cá háit is oiriúnaí chun an suíomh a lonnú le haghaidh cineálacha difriúla d'fhorbairt gheilleagrach?
- Cén dóigh a gcabhróidh an plean chun dul i ngleic le háiteanna tráchtála fágtha folamh inár mbailte agus inár sráidbhailte?
- Cén dóigh a ndéanfaidh an plean athnuachan gheilleagrach a áisiú inár mbailte agus inár sráidbhailte níos lú?
- Cá bhfuil tionscnaimh talaimh seirbhísithe straitéiseacha de dhíth chun forbairt Gheilleagrach nua a áisiú?
- Cén dóigh a ndéanfaidh an plean cumas geilleagrach Réigiún Cathrach Thiar Thuaidh a uasmhéadú.
- Cén dóigh a mbeidh an plean in ann cumas shócmhainní cultúrtha agus turasóireachta Dhún na nGall a réadú?
- Cad iad na feabhsúcháin in infreastruchtúir mhara/calafort ar chóir a áisiú sa plean?



# Athghiniúint Uirbeach



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Tá nádúr athraitheach i lár na mbailte (e.g. cailteanas de chónaitheoirí agus de mhiondíol) de thoradh ar rátaí arda áiteanna fágtha agus tréigthe.
- Easpa beogachta agus líon na gcustaiméirí sna bailte agus sna sráidbhailte tuaithe.
- Caighdeán lag de ríocht phoiblí, de spásanna cathracha agus de shócmhainní oidhreachta tógtha tearcúsáidte.
- Easpa/ nó caighdeán lag d'infreastruchtúr coisithe agus rothaíochta agus infreastruchtúr glas/gorm.
- Tionscnaimh athnuachana uirbeacha nua suntasacha á gcur chun cinn faoi láthair ag an Chomhairle (e.g. Na Cealla Beaga, Ailt an Choráin, Carn Domhnach, Leitir Ceanainn, agus Bealach Féich/Srath an Urláir). Infheistíocht maoinithe iomlán de bheagnach €52.3m ó 2018.
- Deiseanna nua maidir le forbairt gheilleagrach do bhailte agus do shráidbhailte tuaithe. (e.g. moil fhiontraíochta agus chianoibre).
- Deiseanna nua ag teacht as Tionscnamh um Thús Áite do Lár an Bhaile agus Ciste Forbartha agus Athnuachana Tuaithe de chuid an Rialtais.

## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh a gcabhróidh an plean chun áiteanna fágtha folamh agus tréigthe a laghdú inár mbailte agus inár sráidbhailte?
- Cad iad na príomhfhadhbanna atá ag dul i bhfeidhm ar inmharthanacht tráchtála do bhaile agus do shráidbhaile?
- Cad iad na tionscnaimh athnuachana uirbeacha atá de dhíth i do bhaile agus do shráidbhaile (e.g. Spásanna cathracha/poiblí a uasghrádú, spásanna glasa nua, sócmhainní oidhreachta thógtha a atógáil).
- Cén dóigh a ndéanaimid ár mbailte agus ár sráidbhailte ar leas choisithe agus rothaithe?
- Cén dóigh a meallaimid níos mó forbairt gheilleagrach chuig ár mbaile agus ár sráidbhailte.
- Cad iad na háiseanna turasóireachta agus cultúrtha atá de dhíth i do cheantar?




# Iompar



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Nascacht straitéiseach réigiúnach lag idir Dhún na nGall agus réigiúin eile.
- Plódú tráchta i bpríomhcheantair uirbeacha (e.g. Leitir Ceanainn, Bealach Féich/Srath an Urláir)
- Róbhrath ar charr príobháideach mar phríomhdhóigh iompair go dtí obair, seirbhísí agus scoil.
- Infreastruchtúr córas iompair phoiblí uireasach sna ceantair uirbeacha agus tuaithe araon.
- Easpa infreastruchtúr do choisithe agus do rothaithe.
- Easpa nascacht iarnróid go Dún na nGall.



## Príomhcheisteanna?


- Cad iad tionscadail straitéiseacha na mbóithre ar chóir tús áite a thabhairt dóibh?
- Cad iad na feabhsúcháin atá de dhíth inár ngréasán bóithre réigiúnach agus áitiúil?
- Cén dóigh ar chóir dul i ngleic le plódú tráchta sna príomhcheantair uirbeacha?
- Cén dóigh a gcomhcheanglaímid forbairt nua le hinfreastruchtúr iompair?
- Cén dóigh ar chóir don phlean tacú le modhanna taistil inbhuanaithe.
- Cá bhfuil infreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta breise de dhíth?
- Cá bhfuil infreastruchtúr iompair phoiblí breise de dhíth?
- Cén dóigh ar chóir Beartas na mBóithre Náisiúnta maidir le rochtain ar Bhóithre Náisiúnta?

# Uisce agus Fuíolluisce



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Riachtanais maidir le cainníocht cóireáil fuíolluisce le spáráil i bpríomhcheantair uirbeacha (e.g. Leitir Ceanainn, Carn Domhnach, Bun Cranncha, Bealach Féich/Srath an Urláir, an Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall)
- Easpa cainníocht cóireáil fuíolluisce le spáráil i go leor bailte agus sráidbhailte beaga (e.g. Bun an Phobail, Baile na nGallóglach, an Fál Carrach, Ráth Bhoth, agus Tamhnach an tSalainn)
- Infheistíocht shuntasach déanta ag Uisce Éireann i dTionscadail Uisce agus Fuíolluisce ó 2018. Mar shampla:
  - Fuíolluisce: Bealach Féich/Srath an Urláir, Bun Dobhráin, Na Cealla Beaga, Conmhaigh, Gleann Cholm Cille.
  - Soláthar Uisce: Leitir Ceanainn, Dún Fionnachaidh, Dún na nGall Thiar Theas.
- Líon suntasach de/brath ar chórais Cóireáil Fuíolluisce ar Leith (20,345 córas cláraithe nó 6.4% den líon iomlán i 2020 - Foinse: an Phríomh-Oifig Staidrimh).
- Os cionn 600 grúpscéim uisce sa Chontae.



## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh ar chóir don phlean forbairt nua a ailíniú le soláthar seirbhísí fuíolluisce agus uisce iomchuí?
- Cén dóigh ar chóir dul chun cinn a dhéanamh le forbairtí tithíochta agus tráchtála sna bailte agus sna sráidbhailte gan cainníocht cóireáil fuíolluisce reatha?
- Cén dóigh ar chóir don phlean tuilleamaí ar ionaid chóireála fuíolluisce ar leith a laghdú.
- Cén dóigh ar chóir don phlean a chinntiú go mbainfidh ionaid Chóireála Fuíolluisce caighdeáin chóireála sásúla amach?

# Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha



## Príomhfhadhbanna agus treohtaí

### Oidhreacht Nádúrtha

- Bagairtí do ghnáthóga agus do speicis talún a éiríonn as cailteanas gnáthóga/scoilteadh agus suaitheadh (e.g. bratphortach, fála sceach).
- Bagairtí do ghnáthóga agus do speicis mhara a éiríonn as meathlú i gcaighdeán an uisce (e.g. Diúilicín Péarla Fionnuisce, Bradán Atlantach, inbhir).
- Brú ar cheantair ardscéimhe cois cósta agus ceantair thuithe lasmuigh de cheantair uirbeacha a éiríonn as forbairtí tithíochta.
- Brú ar cheantair ar thalamh ard a éiríonn as Forbairtí Fuinneamh Gaoithe nua.

### Oidhreacht Thógtha Ailtireachta

- Moladh ón Aire cur níos mó le struchtúir NIAH chuig an RPS.
- Margaí nua agus atá ag teacht chun cinn chun foirgnimh oidhreachta a athúsáid agus a ghlacadh le haghaidh tithíocht gheilleagrach, úsáidí sa phobal, tithíocht tuaithe agus uirbeach, ag teacht le clár gnó forbartha glas.
- Tá maoiniú ar fáil d'úinéirí réadmhaoine RPS chun a réadmhaoine a chaomhnú agus cur leo.
- Tá tionscnaimh athnuachana maidir le dea-chleachtais oidhreachta ar siúl i gcónaí i lár na mbailte:
  - Ceantar na hArdeaglaise, Leitir Ceanainn
  - Ráth Mealtain
  - Ionad Siopadóireachta Bhéal Átha Seanaidh
  - Diamant Bhéal Átha Seanaidh

### Oidhreacht Seandálaíochta

- Bagairtí do sheandálaíocht a éiríonn as forbairt nua.

## Príomhcheisteanna?


- Cén dóigh ar chóir don phlean forbairt nua a bhainistiú chun gnáthóga agus speicis talún a chosaint?
- Cén dóigh ar chóir don phlean forbairt nua a bhainistiú chun caighdeán an uisce agus speicis mhara a chosaint?
- Cén caighdeán agus cineál forbartha atá le ceadú i gceantair ardscéimhe cois cósta?
- Cén dóigh ar chóir don phlean forbairtí nua a bhainistiú i gceantair ardscéimhe ardtalún?
- Cén dóigh is fearr lenár bhfoirgnimh oidhreachta a úsáid inár gcontae?
- Ar chóir do bheartais a fhorbairt go dearfach chun athúsáid agus athghiniúint a spreagadh?

# Athrú Aeráide



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Teochtaí níos airde, níos mó tonnta teasa agus fadhbanna a bhaineann le hacmhainn uisce.
- Imeachtaí tuilte a bhaineann le níos mó báistí a thiteann níos troime (Ospidéal Leitir Ceanainn 2013, Inis Eoghain 2017).
- Leochaileacht maidir leis na ceantair ísle do thuilte ón abhainn agus ón gcósta agus creimeadh.
- Athruithe ar éiceachórais agus tírghnéithe nádúrtha.
- Tuilleamaí ard ar charranna agus úsáid íseal ar mhodhanna iompair inbhuanaithe.
- Réim maidir le ceantair le cruadhromchla laistigh de cheantair uirbeacha.
- Stoc tógtha a ghlacadh agus a athúsáid sna bailte agus sna sráidbhailte chun lorg carbóin a laghdú.



## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh ar chóir don phlean iompar níos inbhuanaithe a áisiú (e.g. siúil, rothaíocht agus iompar poiblí)?
- Cá háit a bhfuil pointí luchtaithe do Charranna Leictrigh de dhíth? Cén chineál forbairt fuinnimh in-athnuaite (e.g. gaoth, na gréine) ar chóir don phlean a áisiú?
- Cá háit ar chóir d'fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite nua a lonnú (e.g. Gaoth, na gréine)?
- Cén dóigh ar chóir don phlean tacú le forbairt fuinneamh in-athnuaite a bhaineann le scála beag agus pobail?
- Cén dóigh a gcabhróidh an phlean le Dún na nGall glacadh le himeachtaí a bhaineann le hathrú aeráide (e.g. imeachtaí báistí millteanacha, tuilte ó abhainn nó ar an chósta agus creimeadh)?
- Ar chóir go mbeadh córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe (e.g. páirceáil scagach, locháin scagtha etc) riachtanach d'fhorbairtí nua?

# Turasóireacht



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Tá an cháil ar Dhún na nGall ó thaobh na turasóireachta nádúrtha, cois cósta, ardtalún, cultúrtha agus stairiúla (e.g. Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Sliabh Liag agus Grianán Ailigh).
- Cuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin deis ar fáil chun cumas turasóireachta Dhún na nGall a fhíorú agus is é an príomhthiománaí é maidir le fás na dturasóirí ó 2010-2019.
- I 2019 fuair Dún na nGall:
  - 354,000 cuairteoir ó thar lear (a léiríonn 10% de chuairoteoirí a tháinig chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a fheiceáil)
  - 445,000 cuairteoir intíre (a léiríonn 9% de chuairoteoirí intíre a tháinig chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a fheiceáil)
  - Caiteachas €117m ó chuairoteoirí ó thar lear (6% de chaiteachas thar lear mar aon le Slí an Atlantaigh Fhiáin)
  - Caiteachas €97m ó chuairoteoirí intíre (10% de chaiteachas intíre mar aon le Slí an Atlantaigh Fhiáin)
- Faigheann Dún na nGall níos lú cuairteoirí turasóireachta áfach ná ceantair eile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin (e.g. Gaillimh, Ciarraí).
- Forbairt leanúnach agus pleanáilte d'infreastruchtúr turasóireachta ag pointí sár-radhairc ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin (e.g. Sliabh Liag, an Dún Riabhach agus Málainn)
- Chun acmhainn a chaipitliú de Shlí an Atlantaigh Fhiáin tá gá leis an méid seo a leanas:
  - Ár dtírdhreach nádúrtha agus ár n-oidhreacht thógtha a chosaint,
  - Forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar na nithe suntasacha is díol spéise,
  - Áiteanna turasóireachta atá bunaithe ar thaitní a áisiú sa bhreis.
  - Infreastruchtúr turasóireachta cúntacha a chur ar fáil.
  - Ár lóistín turasóireachta atá ar fáil a éagsúlú

## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh a ndéanfaidh an plean tírdhreach agus acmhainní oidhreacht thógtha de chuid Dhún na nGall a chosaint agus forbairt turasóireachta nua a áisiú?
- Cén dóigh a ndéanfaidh an plean áiteanna turasóireachta straitéiseacha Dhún na nGall a bhainistiú agus a fhorbairt go hinbhuanaithe (Gleann Bheatha, Sliabh Liag, Málainn)?
- Cén chineál turasóireachta eile ar chóir don phlean tacú le (e.g. glabhealaigh, ionaid ghníomhaíochta, turasóireacht eachtraíochta nó san uisce, cultúrtha/stairiúla etc) agus cá háit ar chóir iad a bheith suite?
- Cén chineál infreastruchtúr turasóireachta atá de dhíth (e.g. ionaid chuartaíochta, leithris phoiblí, pointí stoptha do veain champála, rochtain níos fearr ar thránna, áiteanna féachana) agus cá háit ar chóir iad a lonnú?
- Cén chineál lóistín turasóireachta ar cheart don phlean tacú le (e.g. campáil le veain champála, veain champála, tithe saoire, óstáin/brúnna, ionaid saoire etc) agus cá háit ar chóir iad a lonnú?

# Pobal



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Is cuid lárnach de shaol sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach Dhún na nGall agus de chaighdeán na beatha na n-áitritheoirí é forbairt an phobail.
- Tá gá leanúnach le soláthar, cothabháil agus feabhsú infreastruchtúir pobail (e.g., spásanna glasa, áiteanna súgartha, infreastruchtúr taistil ghníomhaigh, áiseanna spóirt, oideachas, agus áiseanna cultúrtha) in áiteanna inrochtana agus in éineacht le forbairt nua chun pobail láidre, inbhuanaithe, shláintiúla agus ionchuimsitheacha a chruthú.
- Tá Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as bainistiú 46 áit súgartha ar fud an chontae.
- I rith thréimhse an phlean forbartha reatha (2018-am i láthair) is páirtí gníomhach í an Chomhairle i gcórais le haghaidh forbairt phobail amhail: Athnuachan Baile agus Sráidbhaile, Clár, Leader, Síochán, an Straitéis Áineasa Faoin Aer, an Tionscnamh Ciste Forbartha, Líonra Glasbhealaigh an Iarthuaiscirt etc.
- Ó 2018 i leith soláthraíodh maoiniú thart ar €24.5m trí leithéidí na scéimeanna seo do réimse leathan forbartha pobail. Mar shampla: infreastruchtúr agus trealamh áineasa, áiseanna treisithe agus forbartha óige, páirceanna súgartha agus infheistíocht leathan riachtanach le haghaidh eagraíochtaí spóirt, turasóireachta, oideachais, sláinte, áineasa agus pobail.
- Tá gá le hinfreastruchtúr pobail nua a lonnú in áiteanna inrochtana agus ionchuimsitheacha go sóisialta chun barr a gcumais a dhlisteanú, a choinneáil agus a bhaint amach agus chun leas a bhaint as sineirgí le seirbhísí eile (eg. miondíol, caiféanna, bialanna, corrrhrádáil etc).

## Príomhcheisteanna?

- Cad iad na háiseanna pobail breise atá de dhíth i do cheantar?
- Cá háit a bhfuil limistéir thaitneamhachta/spásanna glasa nua agus páirceanna poiblí agus áiteanna súgartha de dhíth?
- Cá háit ar chóir tosaíocht a thabhairt do shiúlbealaí, rotharbhealaí agus glasbhealaí áineasa nua.
- Conas is féidir dé-úsáid foirgneamh scoile agus pobail agus áiseanna áineasa atá ann cheana a chur chun cinn?
- An leor na caighdeáin reatha le haghaidh limistéir thaitneamhachta phoiblí d'fhorbraíochtaí cónaithe nua?
- Cá háit a bhfuil feabhsúcháin de dhíth ar an infreastruchtúr ealaíonta agus cultúrtha, agus cad iad?
- Conas is féidir le hinfreastruchtúr pobail nua a bheith níos fóirsteanáil do sheandaoine agus do pháistí?
- Cá háit a bhfuil saoráidí poiblí nua de dhíth inár mbailte agus sráidbhailte, ionaid saoire cois farraige nó limistéir áineasa?

# An Ghaeltacht




## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Tá daonra 23,346 (Daonáireamh 2016) i nGaeltacht Dhún na nGall (23.4% de dhaonra iomlán na Gaeltachta). Tá achar 1,502 km<sup>2</sup> ann agus tá ceantair ann ina bhfuil an céatadán is airde de chainteoirí laethúla Gaeilge sa stát (Mín Lárach 73.3% agus Rann na Feirste 66.6%).
- Tháinig laghdú 5.6% ar an daonra iomlán Gaeltachta i gcomparáid le Daonáireamh 2011 (24,744).
- De réir tuairiscí le blianta anuas is iad cúinsí amhail dinimic shóisialta, gluaiseachtaí déimeagrafacha agus sóisialú daoine óga trí mheán an Bhéarla is cúis le meath úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.
- Anois tá ocht Limistéar Pleanála Teanga (LPA) agus Baile Seirbhíse Gaeltachta amháin i nGaeltacht Dhún na nGall. Faoi dheireadh 2021, bhí pleananna teanga á gcur i bhfeidhm i seacht LPA, agus seachtar oifigeach pleanála teanga ann.
- Cruthaíodh 286 phost nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2021 – an líon is mó post cruthaithe i mbliain amháin sa chontae ó bhí 2008 ann (Foinse: Údarás na Gaeltachta).

## Príomhcheisteanna?

- Conas is féidir leis an phlean tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shóisialta, gheilleagrach agus chultúrtha sa Ghaeltacht agus an Ghaeilge a chur chun cinn go háirithe?
- Ar chóir úsáid a bhaint as measúnacht tionchair teanga le haghaidh forbraíochtaí cónaithe nua i gceantair Ghaeltachta agus dá mba chóir, cad iad na cúinsí cuí?
- Cad iad na forbairtí geilleagracha nó infreastruchtúir faoi leith atá de dhíth chun beocht shocheacnamaíoch agus teanga bhailte agus shráidbhailte na Gaeltachta a neartú?





# Bun Cranncha



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- An dara hionad uirbeach is mó i nDún na nGall agus príomhnód san Iarthuaisceart.
- Ráta d'áiteanna tráchtála fágtha i 2020 de 14.8% (61 réadmhaoin).
- Ráta d'áiteanna cónaitheacha fágtha i 2020 de 4.9% (159 réadmhaoin).
- Impleachtaí suntasacha ar stoc tithíochta sa limistéar níos leithne mar gheall ar éigeandáil na mbloc lochtach (Míoca) agus gá le tithíocht bhreise le cur ina n-ionad.
- Forbairt theoranta ar thailte reatha atá zónáilte d'fhorbairt chónaitheach nua.
- Plódú tráchta in áiteanna den bhaile agus gá le bóthar faoisimh laistigh a chur i gcrích.
- Deis shuntasach ar fáil mar gheall ar thurasóireacht ardscéimhe an chósta.
- Gá le ceangal fisiciúil níos fearr idir an tSráid Mhór agus an limistéar taitneamhachta Cois Ferraige agus feabhas ar, agus ceangail níos fearr idir, spásanna glasa agus an réimse poiblí.
- Gá le tairbhe a bhaint as acmhainneacht líonraí Glasbhealach & Gormbhealach agus teacht i dtír ar acmhainní láidre nádúir agus oidhreachta an bhaile.
- Gá le spás lóistín Oifige/Gnó Grád A i lár an bhaile (e.g. deiseanna tuirlingthe boige) agus spás le haghaidh tionscal éadrom ar imeall an bhaile chun nuálaíocht agus éagsúlú a spreagadh.

## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh a ndéanann Bun Cranncha a acmhainn a uasmhéadú mar phríomhionad uirbeach sa Réigiún Cathrach san Iarthuaisceart?
- Cén dóigh ar chóir don Chomhairle dul i ngleic le háiteanna tráchtála atá fágtha i lár bhaile Bhun Cranncha?
- Cén dóigh ar cheart don phlean dul i ngleic leis an fholúntas cónaithe i mBun Cranncha?
- Cén dóigh a bhféadfadh an plean roghanna tithíochta a éascú do chónaitheoirí a bhfuil thíos le Mica?
- Cá háit a bhfuil an suíomh is oiriúnaí le haghaidh tithíochta nua i mBun Cranncha agus úsáid éifeachtach á baint as seirbhísí agus infreastruchtúr reatha?
- Cad iad na feabhsúcháin iompair atá de dhíth i mBun Cranncha? (E.g. bóthar faoisimh laistigh, infreastruchtúr siúlóide agus rothaíochta etc).
- Cén dóigh a ndéanann Bun Cranncha a chumas turasóireachta a uasmhéadú lena n-áirítear turasóireacht ardscéimhe ar an chósta?

# Bun Dobhráin



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Tóir leanúnach ar Bhun Dobhráin mar cheann scríbe turasóireachta réigiúnach.
- Bainistíocht forbartha ar éadan le huisce.
- Ráta d'áiteanna tráchtála fágtha de 12.8% (33 réadmhaoin).
- Ráta d'áiteanna cónaitheacha/ fágtha de 9.6% (246 réadmhaoin).
- Suíomh, méid agus séasúracht a bhaineann le páirceanna do thithe soghluaiste/do charbháin.
- Deis ann chun an Ceann Thiar a nascadh le Siúlóidí ar Éadan le hUisce/Rougey.
- Plódú tráchta agus feabhsú den phríomhshráid.
- Forbairt theoranta ar thailte atá zónáilte d'fhorbairt chónaitheach nua.

## Príomhcheisteanna?


- Cén dóigh ar chóir forbairt a bhainistiú le héadan le huisce?
- Cén ról ar chóir d'éadan le huisce i bhforbairt Bun Dobhráin amach anseo?
- Cén tosaíocht ar chóir a thabhairt do Shiúlóid an Chinn Thiar le Siúlóidí Éadan le hUisce/Rougey?
- Cén dóigh ar chóir do Bhun Dobhráin freastail ar fhorbairt do pháirc charbháin/tithe soghluaiste?
  - Cá háit ar chóir do pháirceanna den sórt sin a lonnú?
  - An bhfuil a ndóthain lóistín den chineál seo ag Bun Dobhráin?
  - Cén dóigh a gcuireann soláthar páirceanna carbháin/tithe soghluaiste isteach ar lár an bhaile?
- Cá háit ar chóir forbairt tithíochta nua a lonnú i mBun Dobhráin?
- Cén chineál tithíochta atá de dhíth?
- Cén réim ar chóir díriú uirthi chun tithíocht atá fágtha nó tréigthe a athúsáid?
- Cén dóigh ar chóir trácht i lár an bhaile a bhainistiú i gceart le linn bhuaicshéasúr na turasóireachta?
- Cén bhearta ar chóir a ghlacadh chun cur le taithí na Príomhshráide do ghnólachtaí, d'áititheoirí agus do chuartheoirí?

# Bealach Féich/Strath an Urlair agus Tionscadal Straitéiseach na mBóithre TEN-T PRIPD



## Príomhfhadhbanna agus treochtaí

- Tá na bóithre straitéiseacha reatha lag chun bealach isteach a fháil ar Bhealach Féich/Srath an Urláir.
- Deiseanna forbartha geilleagracha nua ag teacht chun cinn as tionscadal straitéiseach na mbóithre TEN-T.



## Príomhcheisteanna?

- Cén dóigh ar chóir don phlean na deiseanna forbartha geilleagracha a uasmhéadú a thagann as Tionscadal Straitéiseach na mBóithre i mBealach Féich/Srath an Urláir?
- Cá háit a mbeadh forbairtí geilleagracha nua suite chun buntáiste a bhaint as na bóithre feabhsaithe straitéiseacha tar éis Thionscadal Straitéiseach na mBóithre TEN-T a chur i gcrích?
- Nóta: Tá an Tionscadal TEN-T ag brath go fóill ar nithe suntasacha seachtracha (ar a n-áirítear ceaduithe reachtúla agus maoiniú).

# Réamhdhréacht fá Chomhairliúchán Poiblí

## Dé hAoine, an 8 Aibreáin go Dé hAoine, an 3 Meitheamh



Scríobh aighneacht i scríbhinn le linn phróiseas comhairliúcháin réamhdhréachta fá:

- **Ríomhphost:** [donegaldevplan@donegalcoco.ie](mailto:donegaldevplan@donegalcoco.ie)
- **Ar líne:** ag [www.donegaldevplan.ie](http://www.donegaldevplan.ie)
- **Sa Phost:** Athbhreithniú CDP, Aonad um Pleanáil Lárnach, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 Y622